DocuSign Envelope ID: 7CA4C24C-34D3-42DE-9B68-50639B7C1293

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 19 Meitheamh 2023

Baile na hAbhann

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí Róisín Ní Raighne agus Bríd Ní Fhachtna ar Zoom agus na Comhaltaí Boird eile i láthair i mBaile na hAbhann.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.
   Rinneadh comhbhrón le Siobhán Ní Ghadhra agus a muintir ar bhás a máthar, agus comhbhrón leis an gCathaoirleach ar bhás máthair a céile le déanaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Aontaíodh miontuairiscí Mhí Aibreáin.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn agus Coimisiún na Meán**

5.1.1 Ráiteas Straitéise: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh obair mhór déanta ag ranna éagsúla in TG4 leis an Ráiteas Straitéise a réiteach, bunaithe ar an 'Fís tar éis Covid'. Dúirt sé go mbeadh tuarascáil Choimisiún na Meán an-tábhachtach do thodhchaí na Meán Gaeilge ach go gcaithfear brú a choinneáil le go leanfar leis an dul chun cinn atá déanta ag TG4 le cúpla bliain anuas.

DocuSign Envelope ID: 7CA4C24C-34D3-42DE-9B68-50639B7C1293

5.1.2 Coimisiún na Meán: Thagair an tArd-Stiúrthóir don chaint a thug Celene Craig, Coimisinéir Craoltóireachta Choimisiún na Meán, ag Féile na Meán Cheilteach agus dúirt gur ábhar dóchais a bhí sa méid a bhí le rá aici faoi na Meáin Ghaeilge.

5.2 **Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíochtaí.**

5.2.1 *Circom* 2023: Dúradh gur i i dTír na mBascach a tháinig craoltóirí réigiúnacha na hEorpa le chéile i mbliana do 'Prix CIRCOM'. Bronnadh an duais don chlár 'Investigative Journalism' is fearr ar '*Iniúchadh TG4 – Céad Míle Fáilte*?' ag Clean Slate TV. Bhí 15 clár san iomaíocht ó ar fud na hEorpa.

5.2.2 *Comórtas Peile na Gaeltachta*: Mhol an tArd-Stiúrthóir an obair a rinne Nemeton agus Ceannaire Spóirt TG4, le clúdach cuimsitheach ar Chomórtas Peile na Gaeltachta. Dúradh go raibh sruthú beo ar 9 gcluiche, an méid is mó cluichí ón gComórtas riamh, agus 5 cinn acu sin Beo ar TG4. Dúradh gur rinne TG4 agus RnaG comhoibriú le chéile chun áit níos lárnaí a thabhairt do Chomórtas na mBan i mbliana agus 'Corn TG4' bronnta ar An Tearmann i gcluiche ceannais na sinsear. Bhí Molscéal ag déanamh clúdach freisin le linn an Chomórtais agus rinne siad clúdach beo ar líne ar 'An Cailín Gaelach'.

5.2.3 *Féile na Meán Ceilteach*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur éirigh ana-mhaith le Féile na Meán Ceilteach ar an Chlochán Liath. Bhí TG4 an-sásta gur bhain 'An Cailín Ciúin' duais don dráma is fearr agus duais 'Spiorad na Feile' amach. Thréaslaigh sé freisin le Raidió na Gaeltachta as a nduais do Stáisiún Raidió na Bliana agus as duais a fuair siad don gclár faisnéise 'Ógie' faoin laoch óg spóirt, Breandán Óg Ó Dufaigh. Is i gCaerdydd, sa Bhreatain Bheag a bheidh féile 2024.

5.2.4 *Corpas na Gaeilge agus Cartlann TG4*: Thagair an tArd-Stiúrthóir don tús atá curtha le aistriú ábhair/eolais idir TG4 agus an Corpas Náisiúnta. Thug ionadaithe ó DCU (Ollscoil Chathair Bhaile Áth Cliath) cuairt ar TG4 le deireanas agus aontaíodh ábhar téacs Gaeilge atá ag TG4 a chur ar fáil. Beifear ag spreagadh na léiritheoirí neamhspleácha freisin le ábhar téacs a chur ar fáil don Chorpas.

Thug TG4 tacaíocht urraíochta do FIAT/IFTA – International Federation of Television Archives – seimineár a reáchtáladh i DCU. Bhí an deis

DocuSign Envelope ID: 7CA4C24C-34D3-42DE-9B68-50639B7C1293

neamhfhoirmiúil ag ionadaithe TG4 cruinniú le ionadaithe ón Ionad Teicneolaíocht agus Urlabhra & Teanga i TCD (Coláiste na Tríonóide) agus le ionadaithe ó RTÉ. Thug ionadaithe ó Chartlann RTÉ cuairt ar TG4 agus beidh breis comhoibrithe le socrú idir an dá chartlann.

5.2.5 *Cruinniú na nÓg*: Luaigh an tArd-Stiúrthóir craoladh TG4 le linn Chruinniú na nÓg 2023. Craoladh roinnt sraitheanna gearrscannán ina raibh páistí agus déagóirí páirteach faoi na téamaí **'Ealaín Ghainimh'** & **'Spraoi Samhlaíoch'**. Thréaslaigh sé leis an scannán faisnéise cruthaitheach **'Sean-Nós'** a scríobh agus a stiúir Tadhg Óg Mac Dhonnagáin.

5.3 **Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne.**

5.3.1 *Folúntais:* Mhínigh an tArd-Stiúrthóir go raibh roinnt folúntas le líonadh ón gcruinniú deiridh. Dúradh go raibh spéis mhór léirithe sa bpainéal láithreoirí leanúnachais. Cuireadh spéis mhór freisin sna folúntais taithí oibre bliantúla agus roghnaíodh seachtar le tréimhse taithí oibre a chaitheamh le TG4 sa mbliain romhainn.

5.3.2 *ASPC 2023:* Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir go ndéanadh athbhreithniú ráithiúil ar an dul chun cinn ar spriocanna na bliana (ASPC) leis na bainisteoirí agus tuairiscíodh go bhfuil dul chun cinn mhaith á dhéanamh.

5.3.3 *Inbhuanaitheacht (ESG): Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur rinne* cuid mhaith ball foirne cúrsa oiliúna maidir le Inbhuanaitheacht sa tionscal físe agus maidir le feidhmiú na scéime Albert. Dúirt sé freisin gur fhreastail baill foirne ar sheisiún eolais le Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe (GTM) agus ar Lá na hAfraice i nGaillimh, áit ar craoladh an aimsir láithreach beo as. Rinneadh ceardlann maidir le Cosaint Leanaí chomh maith.

5.3.4 *Togra Anailísíocht Sonraí Cláir:* Luaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh togra tosaithe ar anailísíocht sonraí cláir (data analytics) féachaint le traiceáil a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht leis an bpobal agus an lucht féachana. Dúradh gur togra píolótach í seo a dhíreodh ar sraith amháin ar dtús.

DocuSign Envelope ID: 7CA4C24C-34D3-42DE-9B68-50639B7C1293

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Moladh*: Dúirt an Cathaoirleach gur chuir sí nóta comhghairdis chuig an aisteoir Bríd Ní Neachtain ar a gradam IFTA le déanaí.
Mhol an Cathaoirleach ócáid bhronnta Ghradam Ceoil TG4 a bhí ar siúl i Luimneach I Mí Aibreáin, agus na ceoltóirí ar fad ar bronnadh gradaim orthu.
Thréaslaigh sí le Féile na Meán Cheilteach i dTír Chonaill agus le foireann *An Cailín Ciúin* as an dá ghradam a fuair siad, agus mhol an seisiún cainte suimiúil le Colm Bairéad & Clíona Ní Chrualaoi faoi agallamh ag Miriam O' Callaghan.
Ghabh sí buíochas le foireann TG4 as an obair a bhí déanta ar na h-ócáidí seo.

6.2 *Polasaí Airgeadais*:
Dúirt an Cathaoirleach go raibh gá breathnú in athuair ar an bpolasaí Cothabhála & Taistil a cheadaigh an bord i Mí Feabhra. Dúradh go raibh sé soiléir ó na cáipéisí a fuair roinnt de na comhaltaí boird go raibh siad i dteideal rátaí státseirbhíse a fháil ó thosaigh siad ar an mBord agus nár chóir go mbeadh duine ar bith as póca agus iad i mbun oibre don eagraíocht. Bhí an Bord go láidir den tuairim freisin gur chóir na rátaí céanna a chur i bhfeidhm don fhoireann. Mhol an Cathaoirleach comhréiteach, go mbeadh na rátaí seo siarghabhálach go 19 Meitheamh 2023. D'iarr sí go mbreathnófaí ar na h-impleachtaí a bheadh aige seo do na costais Cothabhála & Taistil do TG4 agus go gcuirfí páipéar os comhair an bhoird ag an gcéad chruinniú eile.

**7. Straitéis TG4 2023 - 2027**

7.1 Chuir an Stiúrthóir Airgeadais i láthair Straitéis TG4 2023 - 2027 a bheidh le cur faoi bhráid na Roinne.

Mhínigh an tArd Stiúrthóir go raibh dualgas ar TG4, faoin Acht Craolacháin, Straitéis a chur le chéile gach cúig bliana. Dúradh go raibh cur chuige straitéise TG4 leagtha amach sa bhFís tar éis Covid, agus go raibh na mór spriocanna sin leagtha amach sa gcáipéis straitéise 2023 – 2027. Mhínigh sé go mbeadh tionchar mór ag léirmheas Choimisiún na Meán, ar na Meáin Ghaeilge, ar chur chuige na Straitéise ó 2025 ar aghaidh.

DocuSign Envelope ID: 7CA4C24C-34D3-42DE-9B68-50639B7C1293

Ghlac an Bord leis an gcáipéis agus d'iarr go mbeadh spriocanna lucht féachana agus aitheantas do phatrúin daonáireamh ó thaobh ceantair Gaeltachta san áireamh.

Aontaíodh go ndéanfadh an Bord plé ar mholtaí TG4 do Choimisiún na Meán, agus go dtabharfaí cuireadh do Choimisinéir Forbartha na Meán teacht chun bualadh leis an bhord sa bhfómhar.

**8. Tuarascáil Bhliantúil TG4**

8.1 Chuir an Stiúrthóir Airgeadais i láthair an Tuarascáil Bhliantúil. Dúirt sí go raibh tuairisc na n-Iniúchóirí le cur leis agus go mbeadh sé le seoladh chuig an Roinn roimh 30 Meitheamh.

Glacadh leis an tuarascáil.

**9. Cuntais Mhí Bealtaine 2023**

9.1 Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí Bealtaine. Tugadh léargas ar Chaiteachas, ar Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.
Glacadh leis na cuntais.

**10. Ceadú Conartha**

D'fhág ceathrar de na comhaltaí an cruinniú don mhír seo (Mairéad Ní Nuadháin, Siobhán Ní Ghadhra, Sonia Nic Giolla Easbuig agus Darach Ó Tuairisg).

Tháinig Mary Ellen Ní Chualáin, Bainisteoir Coimisiúnaithe, agus Collette Uí Neachtain, Feidhmeannach Airgeadais, i láthair don mhír seo.

10.1 Thug an Bainisteoir Coimisiúnaithe agus an Feidhmeannach Airgeadais cur síos ar an gconradh a bhí le ceadú, conradh Ollsoláthair ag freastal ar chainéal nua Cúla4. Tugadh léargas ar réimse na míreanna, taithí an chomhlachta, luach an chonartha agus deiseanna forbartha agus straitéise a bhain leis an chonradh.

Ceadaíodh an conradh.

DocuSign Envelope ID: 7CA4C24C-34D3-42DE-9B68-50639B7C1293

**11. Lucht Féachana Líneach & Neamhlíneach**

Thug an Stiúrthóir Margaíochta cur síos ar an Lucht Féachana do Mhí Aibreáin agus Bealtaine 2023. Lean TG4 mar an 7ú cainéal is mó féachana sa tír sa dá mhí seo.

Bhí sciar 2.1% ag TG4 in Mí Aibreáin. Bhí lucht féachana mór ag cluichí ceannais Peile & Iomána Allianz. D'éirigh go maith le *Gradam Ceoil TG4*, le *Scéalta na gCorn* agus le h-athchraolta ceoil. Bhí tóir i measc an Chroí Lucht Féachana ar *Bailte*, *Iniúchadh* (mná tí) agus ar an sraith nua *Bláth na hÓige*. Bhí an tsraith nua drámaíochta don óige, *Saol Ella,* ar an gclár ba mhó féachana ar Seinnteoir TG4 an mhí sin.

Bhí sciar 1.8% ag TG4 in Mí Bealtaine. Bhí na cláir **Rugbaí Beo**, Scannán Lyra McKee agus an tsraith nua *Men's Sheds* i measc na gclár ba mhó féachana. B'iad *Saol Ella*, *Gradam Ceoil* agus *Reds na hÉireann* na cláir ba mhó féachana ar an Seinnteoir. Bhí trácht ag an gCroí Lucht Féachana ar *Bláth na hÓige.*

**12. Tuairisc ó Fo-Choistí Boird.**

12.1 Rinne an Cathaoirleach ar an Choiste Branda cur síos ar chruinniú an choiste ar an 17/04, mar ar pléadh obair Mhargaíochta agus Branda, na tograí deartha, feachtais agus mórócáidí a bhí beartaithe do 2023. Deimhníodh go mbeadh tairiscint ar Mhargaíocht agus Media le eisiúint roimh dheireadh na bliana seo.

12.2 Rinne an Cathaoirleach ar an Choiste Iniúchta agus Riosca cur síos ar chruinniú an choiste ar an 17/04, mar ar pléadh costais taistil, ballraíocht sheachtrach ar an choiste iniúchta agus riosca, Iniúchadh inmheánach 2023 agus tuairisc ar Chibearshlándáil.

**13. Gnó Comhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó ó Chomhaltaí Boird.

**14. Riarachán Boird**

12.1 Meabhraíodh dátaí do Chluiche Ceannais Pheil na mBan, do Sheoladh Sceideal an Fhómhair, agus do sheoladh Chainéal Cúla4.

DocuSign Envelope ID: 7CA4C24C-34D3-42DE-9B68-50639B7C1293

**15 Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**16 Léargas: Cainéal Cúla4**

Tháinig cuid d'fhoireann Cúla4 isteach ag an gcruinniú. Thug Karina Feirtéar (Bainisteoir Cainéal Cúla4) agus Muireann Ní Chíobháin (Eagarthóir Coimisiúnaithe Cúla4) léargas ar an obair ullmhúcháin a bhí ar bun leis an gcainéal nua a sheoladh.

Rinne siad cur síos ar fhís an Chainéil, an obair Choimisiúnaithe a bhí ar bun agus ar an dréachtsceideal. Tugadh spléachadh ar an bhfeachtas margaíochta a bhí beartaithe leis an gcainéal a sheoladh.

Deimhníodh go mbeadh Cainéal Cúla4 á iompar ag Sky maraon le a bheith ar fáil ar Saorview, Virgin, Eir agus boscaí nua Vodafone.

Ghabh an Bord buíochas leo as an gcur i láthair agus mhol an fuinneamh agus fís dhearfach a bhí sa gcur chuige don chainéal. Guíodh gach rath ar an obair.

**Críoch**

***Síniú*** DocuSigned by: Anna Ní Ghallachair 1915C3940044407... ____________________

**Dáta** 31-Jul-23 | 4:50 PM BST ____________________